Plean DEIS 2025-2028

Coláiste Cholmcille Indreabhán

6. Plean le hUimhearthacht a fheabhsú

Plean Achomair le Leibhéil Uimhearthachta a fheabhsú

Sprioc(anna):

Spriocanna reatha/i bhfeidhm cheana agus le coinneáil sa bplean nua:

1. Beidh feabhas ar scileanna uimhearthachta agus matamaitice gach scoláire-scileanna tomhais, am, airgead, graifeanna, cairteacha, statistic srl. agus ar Mhata laethúil
2. Beidh ardú de 5% ar an gcéatadán scoláirí a dhéanann Ardleibhéal sa SS sa Mhatamaitic thar thréimhse 5 bliana.
3. Beidh gach scoláire sa SS in ann tabhairt faoi pháipéar gnáthleibhéal ar a laghad más féidir leo murar féidir leo ardleibhéal a dhéanamh.
4. Tabharfar seans dóibh siúd a bhéas i mbaol teip sa Ghnáthleibhéal, paipéar Bonnleibhéal a dhéanamh san Ardteist.
5. Beidh máistreacht ag gach scoláire ar raon eochairfhocail a bhaineann le huimhearthacht sna h-ábhair iomchuí go léir.

Spriocanna nua chun feabhas a bhaint amach:

6. Tiocfaidh ardú de STEN amháin ar a laghad ar scór gach scoláire a bhaineann amach STENs 2 nó 3 i scrúdú iontrála Mata na scoile (nó i dtástálacha rang 6) laistigh de thréimhse 3 bliana nó níos lú.
7. Cuirfear clár mata praiticiúil (m.sh L2LPs) ar fáil do scoláirí le STEN 1 nó níos lú, chun feabhas a chur ar a gcuid scileanna saoil.
8. Ardóidh gach múinteoir ábhair feasacht na scoláirí maidir le tábhacht agus ábharthacht na huimhearthachta i ngach réimse den saol.

Tá na spriocanna seo clóiteach le:
Critéir Theangbhunaithe na Scéime:
Luachanna hÉiteas an BOOÉ seo a leanas: Barrfeabhas san oideachas
Plean Straitéiseach/ FMS: Sprioc 1,2.

Gníomhartha:

Beart	Chun díriú ar sprioc(anna) uimh.[1]	Cé?	Príomhfhreagracht	Cathain?	Acmhainn?
A. Beidh fáil ag scoláirí na scoile ar an gcuraclam trí Ghaeilge, seachas curaclam an Bhéarla agus an Fhraincis agus muid ag dul i dtreo lántumtha.	1,2,3,4 & 6 den Scéim aitheantais	Gach múinteoir	Gach múinteoir	Go leanúnach	

[1] D'fhéadfadh beart amháin freastal ar níos mó ná sprioc amháin

Cuirfear oideachas ar ardchaighdeán trí Ghaeilge ar fáil do na scoláirí, ag cuir san áireamh riachtanais difriúla na gcainteoirí dúchais agus na bhfoghlaimeoirí Gaeilge. Forbrófar plean gníomhaíochta feabhsúcháin uile-scoile a chinnte-oidh an Ghaeilge mar theanga na cumarsáide, an teagaisc agus an tsóisialaithe sa scoil ag cuir chun cinn na buntáistí a bhaineann le foghlaim na Gaeilge agus foghlaim trí Ghaeilge. Tríd an bpróiséas féinmheastóireacht scoile (FMS) déanfar ath-bhreithniú agus feabhas leanúnach ar soláthair oideachais trí Ghaeilge sa scoil. Cuirfear sonraíocht T1 don Ghaeilge i bhfeidhm sa tSraith Shóisearach sa scoil. Úsáidfear acmhainní Gaeilge chun tacú leis an múineadh sna ranganna uile, seachas ranganna Béarla agus Fraincíse.					
B.Múinteoir breise (comhmhúinteoireacht ar siúl) nó tacaíocht inranga i gcuid de na ranganna Matamaitice, chun cabhrú leo siúd le deacrachtaí.	1,3,4,5	Múinteoirí Mata	Comhordaitheoir RSO/PÓ Sé	An bhliain ar fad.	Téacsleabhair/áiseanna Mata. Acmhainní daonna.
C.Tacaíocht foghlama aonair Mata a chur ar fáil do scoláirí a bhfuil sé de dhíth orthu. Plean Tacaíochta Scoláire mata do gach scoláire díobh seo.	7	Múinteoirí Tacaíocht Foghlama	Comhordaitheoir RSO /POS	An bhliain ar fad	Acmhainní daonna Acmhainní coinchréideacha chun bunscileanna a mhúineadh (más gá) – maoiniú DEIS
D.CSTS Dúshlán Mata	1-5	Múinteoirí Mata	Comhordaitheoir CSTS	Nollaig 2025 - 2028	Áiseanna CSSS/cluichí/ Maoiniú ón CSTS

E. Tomhaiseanna Mata le linn seachtain Mhata a chur ar chláranna timpeall na scoile chun scoláirí a spreagadh.	1	Coiste Uimhearthachta DEIS; TBSP Comhordaitheoir CSTS	An Roinn Mata	C 4 2023 ar aghaidh – go míosúil i rith na bliana ina dhiaidh sin.	Maoiniú DEIS agus CSTS
F. Tinreamh na scoláirí a fheabhsú chun gur féidir leo ranganna Mata a fháil ar bhonn leanúnach.	1-8				Féach plean tinrimh DEIS 2025-2028
G. Litearthacht Ghaeilge na scoláirí a fheabhsú chun gur feidir leo na ceisteanna Mata a léamh agus a thuiscint níos fearr.	1-8				Féach plean litearthachta DEIS 2025-2028.
H. Measúnú chun foghlama a úsáid chun gur féidir le scoláirí níos mó taitnimh a bhaint as Mata.	1-8				Féach pean measúnaithe DEIS/FMS 2025-2028.
I.Cuirfear ranganna breise Mata ar fáil tar éis scoile do scoláirí Ardleibhéil agus Gnáthleibhéal sa 6ú bliain má tá éileamh air.	6		Comhordaitheoir Rannóg Mata	Go leanúnach, go seachtainiúil.	Maoiniú DEIS
J. Déanfaidh gach múinteoir ábhair iarracht tagairt le linn ranga do chúrsaí uimhearthachta (chun feasacht a ardú i measc scoláirí maidir le tábhacht agus ábharthacht na huimhearthachta agus chun feabhas a chur ar scileanna uimhearthachta na scoláirí).	8	Gach múinteoir	PÓS Cór-choiste DEIS An Bord Bainistíochta TBSP	2025 ar aghaidh = staitisticí 2026 ar aghaidh = tomhais 2027/2028 le deimhniú	Maoiniú CSTS/ DEIS
K. Crochfar líne uimhirtheachta i ngach seomra ranga Mata	7,	Roinn Mata	Seomra 4		Maoiniú DEIS

Monatóireacht:

Luaigh an bealach ina ndéanfar monatóireacht ar an dul chun cinn agus luaigh na heatraimh (go míosúil/uair sa téarma/go bliantúil...) in imeacht na dtrí bliana

- Déanfaidh an Roinn Tacaíocht Foghlama monatóireacht ar dhul chun cinn an tsoláthair tacaíochta ag a gcruinnithe seachtainiúla. Tabharfaidhh siad aiseolas rialta do PÓS.
- Déanfaidh an Roinn Mata monatóireacht ar thorthaí na mBréag-scrúduithe agus molfaidh sé, más gá, go mbeadh ranganna breise mata ar fáil do scoláirí na 3ú agus 6ú bliana le linn Ceathrú 2 de chuile scoilbhliain,

- Déanfaidh múinteoirí mata monatóireacht ar thorthaí na mBréagscrúduithe agus molfaidh siad dá gcuid scoláirí an páipéar Bonnleibhéil a thógáil sna scrúduithe stat má tá baol mór teipthe orthu ag an nGnáthleibhéal.

Meastóireacht:

L*uaigh an bealach ina ndéanfar meastóireacht ag ceann na dtrí bliana ar éifeacht na mbeart um LEIBHÉIL UIMHEARTHACHTA*

Luaigh an bealach ina dtomhaisfear an dul chun cinn ag baint úsáide as an mbonnlíne agus as spriocanna mar threoir

- Leanfaidh an Roinn Tacaíocht Foghlama ar aghaidh ag déanamh na tástálacha DEIS ar an 1ú, 2ú agus 3ú bliain – gach mí Aibreán – agus cuirfidh siad, in éindí leis an gCór-fhoireann DEIS, scóranna matamaitice gach scoláire i gcomparáid leis an scór a fuair sé/sí an bhliain roimhe sin. Lorgófar feabhas ar na torthaí.
- Déanfaidh an Coiste Roinn Mata, ath-bhreithniú bhliaintúil ar na sonraí bonnlíne uimhearthachta (gach Deireadh Fómhair, chomh luath agus is féidir tar éis do thorthaí an Sraith Shóisearaí a bheith eisithe).
- Déanfaidh an Coiste Tacaíocht Foghlama meastóireacht ar éifeachtúlacht na socraithe thuasluaite ag cruinniú pleanála Bealtaine gach bliain.
- DéanfaIdh múinteoirí agus bainistíocht na scoile meastóireacht ar chur I bhfeidhm na spriocanna thuasluaite.